Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2019
(OR. en)

13217/19

| | |
|---|---|
| FREMP 148 | DATAPROTECT 241 |
| JAI 1075 | DIGIT 155 |
| EJUSTICE 130 | EDUC 411 |
| DROIPEN 165 | EMCO 5 |
| COHOM 118 | EMPL 513 |
| ANTIDISCRIM 40 | GENDER 45 |
| ASILE 40 | JEUN 108 |
| ASIM 119 | JUSTCIV 184 |
| COPEN 398 | MIGR 173 |
| COSI 209 | SOC 677 |
| COTER 137 | VISA 219 |
| CT 99 | DEVGEN 192 |
| DAPIX 299 | SUSTDEV 142 |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Deireadh Fómhair 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12357/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha tar éis 10 mBliana: An Staid Reatha agus an Obair Amach Anseo |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 7 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle téacs na gconclúidí thuas luaite mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha tar éis 10 mBliana:**

**An Staid Reatha agus an Obair Amach Anseo**

RÉAMHRÁ

1. Meabhraítear don Chomhairle gur aontas é an tAontas Eorpach arna fhothú ar chomhluachanna, mar atá cumhdaithe in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, fothaithe ar urraim do dhínit an duine, don tsaoirse, don daonlathas, don chomhionannas, don smacht reachta agus ar urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is iad na comhluachanna sin, atá mar bhonn taca faoinár samhlacha daonlathacha agus sochaíocha, bunsraith na saoirse Eorpaí, na slándála Eorpaí agus an rathúnais Eorpaigh. Leis an smacht reachta, arb é bun agus barr ár ndaonlathas uile é, ráthaítear go bhfuil na luachanna sin cosanta go maith. Ní mór do na Ballstáit uile agus don Aontas é a urramú go hiomlán[1].

[1] An Clár Oibre Straitéiseach Nua 2019-2024, a ghlac an Chomhairle Eorpach ar an 20 Meitheamh 2019.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil 10 mbliana ann ó tugadh ceangailteacht dhlíthiúil do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus sna Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil an stádas dlí céanna ag an gCairt agus atá ag Conarthaí an Aontais Eorpaigh. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil an Chairt ar cheann de na hionstraimí um chearta bunúsacha atá ceangailteach ó thaobh dlí is nua-aimseartha agus is cuimsithí dá bhfuil ann.

3. Tá tuairim na Comhairle fabhrach i dtaca le Tuarascáil 2018 ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Cairte[2] chomh maith le Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2019[3] ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha). Mar a léirítear sna tuarascálacha ón gCoimisiún agus ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, is ann i gcónaí do na dúshláin i réimse an neamh-idirdhealaithe. Mar sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas maidir le bearta chun an t-idirdhealú a chomhrac ar fhoras ar bith a liostaítear in Airteagal 21(1) den Chairt. Is díol sásaimh don Chomhairle tionscnaimh nua a seoladh in 2018 chun cearta na Cairte a chur chun cinn agus cuireann sí in iúl go láidir go gcaithfear leanúint den obair seo le tiomantas láidir do chearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint agus a áirithiú go mbainfear an leas is fearr as an gCairt.

[2] 10064/19
[3] 10116/19

4. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Cairte agus aithníonn sí ról méadaitheach na gcúirteanna náisiúnta maidir le héifeachtacht na Cairte a áirithiú.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas d'aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, mar a chumhdaítear in Airteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Aithníonn an Chomhairle gurb é is aidhm don aontachas comhluachanna an Aontais a threisiú, éifeachtacht dhlí an Aontais a fheabhsú a thuilleadh agus feabhas a chur ar chomhleanúnachas chosaint na gceart bunúsach san Eoraip.

6. Ní féidir cearta bunúsacha a bhaint amach i saol na ndaoine ach amháin i sochaí dhaonlathach atá bunaithe ar an smacht reachta, ina bhfuil neamhspleáchas na mbreithiúna mar bhunsraith. Is díol sásaimh don Chomhairle mar sin an chomhdháil *How to ensure the resilience of our societies in a changing European landscape - The interaction between democracy, the rule of law and fundamental rights* [Conas athléimneacht ár sochaithe a áirithiú i dtimpeallacht Eorpach atá ag athrú - An idirghníomhaíocht idir daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha], a d'eagraigh Uachtaránacht na Fionlainne an 10-11 Meán Fómhair i Heilsincí, a tháinig ar an tuairim go bhfuil na noirm agus na luachanna sin idirnasctha i gcónaí agus go dtreisíonn siad a chéile.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle na comhdhálacha a bhaineann leis an gCairt a d'eagraigh uachtaránachtaí na Comhairle agus tá sí ag tnúth leis an gcomhdháil ar an 12 Samhain dar teideal *Making the EU Charter of Fundamental Rights a reality for all: 10th anniversary of the Charter becoming legally binding:* [An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais a fhíorú do chách: deich mbliana ó tugadh ceangailteacht dhlíthiúil don Chairt] arna eagrú ag an gCoimisiún, Uachtaránacht na Fionlainne agus an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha. Deis thráthúil a bheidh sa chomhdháil le machnamh a dhéanamh ar conas úsáid na Cairte agus feasacht uirthi a chur chun cinn i measc na ngníomhaithe uile ar shlabhra forfheidhmithe na Cairte ionas go mbeidh sí iomlán éifeachtach i saol na ndaoine.

8. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí[4] a ghlac sí ar an 9 Aibreán 2019 dar teideal "I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe, faoi 2030". Cuireann an Chomhairle i dtreis gur réamhchoinníoll é cearta bunúsacha a bhaint amach, lena n-áirítear comhlíonadh na gceart bunúsach a leagtar amach sa Chairt, chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus chun an gealltanas nach bhfágfar aon duine ar lár a chomhlíonadh.

CAIRT AE UM CHEARTA BUNÚSACHA A CHUR I BHFEIDHM: AN STAID REATHA AGUS AN OBAIR AMACH ANSEO

9. Iarrann an Chomhairle ar na páirtithe leasmhara seo a leanas cuidiú le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach trína áirithiú go mbeidh dóthain acmhainní daonna agus airgeadais ar fáil chun na críche sin:

[4] Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, "I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe, faoi 2030" an 9 Aibreán 2019 (8286/19).

**An Chomhairle agus na Ballstáit**

10. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a gealltanas go gcuirfear san áireamh an treoir maidir le cur i bhfeidhm na Cairte, lena n-áirítear na treoirlínte maidir leis na céimeanna modheolaíocha atá le tabhairt chun comhoiriúnacht le cearta bunúsacha i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle a sheiceáil[5], agus cuireann sí i bhfios go bhfuil sí ullamh le féachaint ar bhealaí chun úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an treoir sin i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle, lena n-áirítear an oiliúint.

11. Meabhraítear don Chomhairle Tuairim 4/2018[6] na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha maidir leis na dúshláin agus na deiseanna atá ann do chur chun feidhme na Cairte, go háirithe Tuairim Uimh. 8 ina moltar "malartú Cairte" bliantúil a bhunú i Meitheal na Comhairle um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine (FREMP). Tugann an Chomhairle dá haire freisin an rún ó Pharlaimint na hEorpa[7] maidir le cur chun feidhme na Cairte i gcreat institiúideach an Aontais, a glacadh ar an 12 Feabhra 2019, agus go háirithe moladh na Parlaiminte do na Ballstáit faisnéis agus taithí a mhalartú go rialta maidir leis an gCairt a úsáid, a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú.

[5] *Guidelines of the Council of the European Union on methodological steps to be taken to check fundamental rights compatibility at the Council preparatory bodies of 20 January 2015 (5377/15)* [Treoirlínte ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis na céimeanna modheolaíocha atá le tabhairt chun comhoiriúnacht le cearta bunúsacha i gcomhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle an 20 Eanáir 2015 a sheiceáil].

[6] Ar fáil ag https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-opinion-04-2018_charter-implementation.pdf

[7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i gcreat institiúideach an Aontais, an 12 Feabhra 2019, P8_TA (2019) 0079.

12. Aithníonn an Chomhairle an fiúntas a ghabhann le dea-chleachtais a mhalartú maidir le cur chun feidhme na Cairte ar an leibhéal náisiúnta agus idir na Ballstáit agus an fiúntas a ghabhann le hidirphlé téamach ar an gCairt. Meabhraítear don Chomhairle an malartú tuairimí in FREMP maidir leis an ábhar seo le linn Uachtaránacht na Fionlainne agus geallann sí go leanfaidh sí den sórt sin idirphlé ar bhonn bliantúil.

13. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis imní di torthaí an tsuirbhé is déanaí ó Eorabharaiméadar maidir le feasacht na saoránach faoin gCairt[8], a thugann le fios go bhfuil feasacht faoin gCairt íseal fós. Tugann sí dá haire freisin go dtugtar le fios i dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2019 Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha go bhfuil easpa beartas náisiúnta chun feasacht ar an gCairt agus a cur chun feidhme a chur chun cinn.

14. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit cur lena gcuid gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oiliúna maidir leis an gCairt, lena n-áirítear do lucht ceaptha beartais, státseirbhísigh agus cleachtóirí dlí, agus d'institiúidí náisiúnta um chearta an duine, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóirí eile chearta an duine. Iarrann an Chomhairle freisin ar na Ballstáit an Chairt a thabhairt ar aird do na breithiúna agus molann sí go bhféachfaí ar threoirlínte agus cláir oiliúna a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dtaca leis an gCairt. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé faisnéis inrochtana a chur ar fáil don phobal i gcoitinne maidir leis na cearta a chumhdaítear sa Chairt d'fhonn úinéireacht na saoránach ar an gCairt a chothú.

[8] Eorabharaiméadar Speisialta 487b *Awareness of the Charter of Fundamental Rights of the European Union* [Feasacht ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh] a rinneadh ar a iarraidh sin ag an gCoimisiún Eorpach i mí an Mhárta 2019.

15. Molann an Chomhairle do na Ballstáit comhsheasmhacht leis an gCairt a áirithiú ina rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le grinnscrúdú dlíthiúil agus measúnuithe tionchair ar reachtaíocht náisiúnta a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh. Is díol sásaimh di na huirlisí arna gcur ar fáil ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha chun cuidiú leis na Ballstáit maidir leis seo, agus iarrann sí ar na Ballstáit lántairbhe a bhaint as na huirlisí sin.

**An Coimisiún**

16. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair thábhachtach a dhéanann an Coimisiún i gcreat straitéis an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme éifeachtach na Cairte um Chearta Bunúsacha[9]. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí chun a áirithiú go mbíonn a thionscnaimh uile reachtacha agus bheartais comhsheasmhach leis an gCairt agus féachaint an bhfuil gá leis an straitéis a athbhreithniú.

17. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar cearta bunúsacha i ngach réimse beartais, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de mheasúnuithe tionchair córasacha ar chearta bunúsacha a dhéanamh agus feabhas breise a chur orthu i dtaca leis na tograí reachtacha ábhartha uile.

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le *Strategy for the effective implementation of the Charter of Fundamental Rights by the European Union* [Straitéis maidir le cur chun feidhme éifeachtach Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh] an 19 Deireadh Fómhair 2010 (COM(2010)0573).

18. Cuireann an Chomhairle i dtreis a ábhartha is atá an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, a chomhbhainistíonn an Coimisiún agus na Ballstáit, maidir le múscailt feasachta i leith na Cairte, a cur i bhfeidhm agus a húsáid a chur chun cinn. Iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an Tairseach don r-Cheartas a fhorbairt a thuilleadh agus, chuige sin, leathanach ar leith a chruthú faoin Tairseach don r-Cheartas ar a bhféadfadh na Ballstáit a ndea-chleachtais a fhoilsiú agus a nuashonrú maidir le feasacht ar an gCairt a mhúscailt agus maidir leis an gCairt a úsáid.

**An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha**

19. Is díol sásaimh don Chomhairle an ról ríthábhachtach atá ag an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, mar a leagtar amach ina rialachán bunaidh[10], ó thaobh saineolas a chur ar fáil maidir le cearta bunúsacha, go háirithe trí shonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu maidir le staid na gceart bunúsach sna Ballstáit. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair a bhaineann go sonrach leis an gCairt a dhéanann an Ghníomhaireacht, go háirithe an mhúscailt feasachta, ríomhuirlisí agus oiliúint i ndáil leis an gCairt. Molann an Chomhairle don Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha leanúint d'uirlisí agus den oiliúint a fhorbairt, lena n-áirítear do ghairmithe dlí, agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais maidir le cur chun feidhme na Cairte agus cultúr comhlíontachta i leith cearta bunúsacha a chur chun cinn ar fud an Aontais.

[10] Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007.

20. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí ullamh an leas is fearr a bhaint as saineolas agus sonraí na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha agus tionscnaimh á n-ullmhú aici a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chearta bunúsacha. Meabhraítear don Chomhairle go bhféadfaidh sí tuairimí comhairleacha na Gníomhaireachta a iarraidh i ndáil le hábhair théamacha ar leith laistigh dá réimsí gníomhaíochta nó i ndáil le seasaimh arna nglacadh ag an gComhairle le linn nósanna imeachta reachtacha. Iarrann an Chomhairle ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit a machnamh a dhéanamh ar úsáid a bhaint níos minice as na sonraí a bhailíonn an Ghníomhaireacht agus iad ag ullmhú tionscnaimh reachtacha agus bheartais a bhaineann le cearta bunúsacha.

21. Meabhraítear don Chomhairle na moltaí a thug meastóirí seachtracha agus bord bainistíochta na Gníomhaireachta roimhe seo maidir leis an ngá le soiléireacht dhlíthiúil, éifeachtúlacht agus tionchar obair na Gníomhaireachta a mhéadú a thuilleadh. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go ndéanfaidh sí breithniú cúramach ar aon togra le haghaidh leasú ar rialachán bunaidh[11] na Gníomhaireachta a d'fhéadfadh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh a thíolacadh, lena n-áirítear d'fhonn í a ailíniú leis an gCur Chuige Coiteann maidir le Gníomhaireachtaí an Aontais, chun rialachas níos fearr agus éifeachtúlacht a áirithiú.

[11] Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007.

**Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, Comhlachtaí Comhionannais agus sásraí náisiúnta eile**

22. Cuireann an Chomhairle i dtreis an gá atá le cosaint a thabhairt do thimpeallacht chumasúcháin d'institiúidí náisiúnta neamhspleácha um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais agus sásraí eile um chearta an duine. Tá ról ríthábhachtach acu maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn agus comhlíonadh na Cairte a áirithiú. Molann an Chomhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún, don Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha agus d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais a gcomhar leis na sásraí seo a fheabhsú a thuilleadh agus tacú leo lena sainorduithe faoi seach, lena n-áirítear cur chun feidhme agus cur chun cinn na Cairte.

**An tSochaí Shibhialta**

23. Aithníonn an Chomhairle an ról bunriachtanach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais maidir le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus, ina theannta sin, maidir le feasacht ar chearta bunúsacha a mhúscailt i measc sealbhóirí ceart agus tacú lena n-iarrachtaí a gcearta a fheidhmiú agus a chosaint, faoi chuimsiú an dlí idirnáisiúnta, dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le haon srianta neamhriachtanacha, neamhdhleathacha nó treallacha ar spás na sochaí sibhialta agus staonadh ó shrianta den chineál sin agus aithníonn sí go bhfuil cistiú atá trédhearcach, leordhóthanach agus furasta le rochtain ríthábhachtach d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tá an Chomhairle ag súil le leanúint den obair reachtach ar an gCiste um Cheartas, Cearta agus Luachanna nua.